
# Galway Green Leaf Biodiversity Trail

## Cuan an Roisín agus Trá na gCeann (Bealach DEARG)

**Cur síos:** Bealach pábháilte is ea é seo a bhfuil fáil éasca air agus arb é ceann de na háiteanna is fearr é le leas a bhaint as fiadhúlra agus as gaoth dheas farraige, ar imeall Chathair na Gaillimhe. Tosaíonn an bealach ag Cuan an Roisín agus téann an cosán, atá i riocht maith, timpeall chuig bruach Thrá na gCeann agus deis iontach atá ann réimse éan agus feithidí a fheiceáil, le radhairc áille thar na huiscí taoide cosanta agus thar réileáin láibe Chuan an



Ruth Hannify




Rochtain: Carrchlós (53.25138, -9.12635). Páirceáil saor in aisce, 24 uair an chloig.

Bus is gaire (bus 412 nó 414) Féach **ANSEO**. Seastáin ar fáil do rothair.

**Fad an bhealaigh**
2.5km

**Deacracht an bhealaigh** Deacair

**Eolas faoin mbealach**
Tá an bealach seo pábháilte den chuid is mó (nó cosán gairbhéil) agus is ar thalamh cothrom atá sé.

**Rabhadh rochtana**
Ag Trá na gCeann, níor chóir ach an carrchlós agus an trá a úsáid. Níl cead isteach in aon áit eile toisc gur talamh príobháideach atá ann agus go bhfuil go leor dainséar ann lena n-áirítear greim chorrach ó thaobh a bheith ag siúl de, ciumhais aille, titim carraigeacha scaoilte agus baol go n-ardódh an t-uisce ag an gcladach agus é ina lán mara.

Please do not disturb wildlife

Don't pick flowers

Family friendly

Please keep dogs on lead

Téacs agus ábhar le John Lusby. Grianghraif uile: Michael O'Clery, ach amháin Trá na gCeann, le Ruth Hannify




Roisín agus trasna na cuisle cúinge go dtí Coill Bhearna. Ansin téann an bealach síos an bóthar go dtí Trá na gCeann, áit a bhfuil radhairc den scoth ar Chuan na Gaillimhe agus inar féidir an chathair a fheiceáil neadaithe sa chuan agus ar lá soiléir, feiceáil trasna chomh fada le Boirinn. Áirítear réimse éagsúil gnáthóg ar an mbealach cósta seo, idir coillearnach leathanduilleach go talamh oscailte feirme measctha le fálta sceach agus scrobarnach ar an mbóthar go Trá na gCeann, agus ansin ar an trá agus ar line charraigeach an chladaigh ar Thrá na gCeann. Tá fliúrse flóra agus fána le feiceáil ó phlandaí annamha faoi bhláth, féileacáin agus éin ghoir san earrach go healtaí móra éan uisce a itheann agus a théann ar an bhfara ag Cuan an Roisín san fhómhar agus sa gheimhreadh.







**Tús agus Críoch** Tosaigh ag carrchlós Pháirc an Roisín agus críochnaigh ag carrchlós Thrá na gCeann (nó fill ar Pháirc an Roisín).

**Cad le tabhairt leat** Buataisí, éadaí teo, éadaí báistí.




**Cad le súil a choinneáil amach dó** I bPáirc an Roisín tá go leor pócaí beaga gnáthóige an-ghar don chonair, ó choillearnach leathanduilleach go háiteanna le féarthalamh oscailte, giolcarnach, agus pócaí driseog agus gragán. Is maith an suíomh é d'fhéileacáin agus éin cheoil, ceolairí imirceacha ach go háirithe. Imirceach samhraidh is ea an Ghilphíb a dhéanann a nead i bPáirc an Roisín, arb í ceann de na háiteanna is fearr i gCathair na Gaillimhe í le breathnú ar an speiceas seo agus le héisteacht leis.




Déanann an Caislín Cloch daite a nead anseo gach bliain leis agus is féidir é a fheiceáil ag canadh agus ag preabadh a eireabaill mar is dual dó, agus é ina shuí ar fhara ar aiteann nó ar dhriseog. Is féidir an tSeil-Lacha a fheiceáil sa chuan, agus í ag ithe sa láib ghainmheach le meascán leathan éan cladaigh cosúil leis an gCrotach, an Bhreacóg agus an Cosdeargán. Bíonn an Fabhcún Gorm agus an Meirliún le feiceáil ó am go ham a chéile agus is minic is féidir an Spioróg a fheiceáil gar don choill díreach trasna an chainéil chaoil.

Tá an Chorr Réisc ag déanamh a neide sna coillte anseo le breis agus 50 bliain agus is pointe idéalach breathnóireachta é seo chun í a fheiceáil ag tógáil a hóige san earrach agus ag tús an tsamhraidh agus chun éisteacht leis na glaonna arda 'clagarnacha' atá ina saintréith aici. Chonacthas ceann de na mamaigh is seachantaí in Éirinn, an Easóg, go minic i bPáirc an Roisín freisin, mar sin bíodh súil amuigh agat!




Féach agus éist le haghaidh réimse éan ar an mbóthar a ritheann feadh na coille ar an mbealach síos go Trá na gCeann. Is féidir an Scréachóg a fheiceáil (nó a chloisteáil) anseo, mar son leis an gCaipín Dubh, an Ceolaire Sailí agus an Tiuf-Teaf san earrach agus sa samhradh agus an Meantán Gorm, an Meantán Mór, an Meantán Dubh, an Snag, an Cíorbhuí agus an Rí Rua le linn na bliana ar fad. Agus tú ag fágáil na coille, iompaíonn an tír-raon ina thalamh feirme oscailte, le fálta sceach maithe agus pócaí aitinn agus driseog. Áit iontach is ea í seo le breathnú ar éin agus le héisteacht leo go luath ar maidin, agus an Dreoilín, an Spideog, an Caislín Cloch, an Ghleoiseach, agus an Ghilphíb coitianta sa samhradh. Is féidir an Chorr Réisc agus an Éigrit Bheag a fheiceáil ag iascach sna locháin éadoimhne agus sa sruth a ritheann faoin mbóthar agus chonacthas an Broc agus an Sionnach feadh an bhóthair agus sna páirceanna in aice láimhe go luath ar maidin.










Is féidir réimse éagsúil gnáthóg a fheiceáil ón gcarrchlós ag Trá na gCeann. Ina measc seo tá eanach agus féarthalamh cailcreach ar fhánaí an droimnín oighrigh. I measc na bplandaí bláthanna tá an Ceadharlach Bealtaine aoibhinn, an Feileastram feiceálach agus an Leaithín. Is féidir an Gormán Coiteann a fheiceáil ag guairdeall i measc an Chroibh Éin feadh an droimnín. Úsáideann réimse leathan éan Cuan an Roisín san fhómhar agus sa gheimhreadh, lena n-áirítear ealta móra lapairí cosúil leis an nGuilbneach Stríocearrach, an Ghlúineach Dhearg, an Pilibín, an Bhreacóg agus an Fheadóg Chladaigh. Is féidir leo seo éin chreiche a mhealladh, ina measc an Fabhcún Gorm agus an Meirliún. Tá roinnt speiceas lachan ann ina measc an tSeil-Lacha phointeáilte, an Phraslacha, agus an Lacha Rua mar aon le healta Cadhan. San fhómhar agus sa gheimhreadh tagann an Charóg Liath agus an Cág le chéile díreach roimh thitim na hoíche le dul ar fara don oíche. Déanann an Chorr Réisc a nead sna coillte in aice láimhe óna bhfuil radharc ar Chuan an Roisín agus is féidir iad a fheiceáil sa chuan agus iad a fheiceáil ag iascach feadh an imeallbhoird oscailte an bhliain ar fad, mar is amhlaidh i gcás na hÉigrite Bige, ar corr bhán níos lú í a bhfuil cuma níos maorga agus níos coimhthíche uirthi. Ar an gcnoc, bíonn an Fhuiseog ag canadh ag tús an earraigh. Éist le haghaidh ghlaonna áille, miotalacha na Gleoisí ón aiteann agus gragán. Sa samhradh, tagann an Gabhlán Gainimh atá ag neadú ón Afraic gach mí Aibreáin agus déanann siad a n-uachaisí doimhne a thochailt in aghaidh na haille, agus is féidir iad a fheiceáil ag tóraíocht feithidí go díbhirceach le tabhairt go sicíní óga atá slán sábháilte go domhain sna cuasa neide. Nuair a bhíonn an taoide amuigh, is féidir an bheatha sna locháin charraige a thaiscéaladh ar an imeallbhord ag Trá na gCeann agus coinnigh súil amach don Roilleach, an Chorr Réisc, an Broigheall, an Lóma Mór, an Gheabhróg agus an Gheabhróg Scothdhubh ag ithe feadh an chósta agus na trá.

